

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

MODÚL 3 - CLUICHE FAOI FHÍRICÍ FAOI AE

Tá an cluiche cártaí seo bunaithe ar an bprionsabal ceist-agus-freagra. Is é is ábhar do na ceisteanna ná stair an Aontais Eorpaigh, agus an tAontas i gcoitinne. Is dócha nach mbeidh formhór na bhfreagraí ar eolas ag na daltaí roimh ré. Spreagann an modh a úsáidtear sa chluiche seo na daltaí chun na freagraí ar na ceisteanna a chur de ghlánmheabhair agus, dá bhrí sin, eolas a fháil faoi AE agus iad ag imirt.

Nuair a bheidh an cluiche thart, is féidir leis an múinteoir tuilleadh eolais faoin ábhar a thabhairt.

MODHEOLAÍOCHT	FAD AMA	ÁBHAIR
Cluiche oideachasúil: Fíricí faoi AE	20 nóiméad	- Amadóir do gach grúpa (is féidir leat ligean do na daltaí fón cliste a úsáid) - Paca de 25 cárta ar a bhfuil fíricí faoi AE do gach grúpa
Cur i láthair	10-20 nóiméad	- Ríomhaire + teilgeoir - Cur i láthair ar mhodúl 3

CUSPÓIRÍ AGUS SCILEANNA

DEARCADH

- Tá fonn ar na daltaí breis eolais a chur ar an Aontas Eorpach.

EOLAS

- Is eol do na daltaí conas a bunaíodh an tAontas Eorpach, cathain a bunaíodh é agus cén fáth ar bunaíodh é.
- Is eol do na daltaí roinnt fíricí bunúsacha faoin Aontas Eorpach.


CÉIM AR CHÉIM

1. AN CLUICHE

SUÍOMH

Imríonn na daltaí i ngrúpaí níos lú ina bhfuil **líon réidh** daltaí, le híosmhéid de (agus más féidir) cheathrar daltaí i ngach grúpa. Tá grúpaí ina bhfuil seisear daltaí ceart go leor freisin. Imríonn gach

grúpa an cluiche go comhuaineach ach ní lena chéile. Laistigh de gach grúpa níos lú, roinntear na daltaí i ngrúpaí ina bhfuil beirt. Nuair atá líon míréidh daltaí i ngrúpa, féadfaidh an múinteoir páirt a ghlacadh sa ghrúpa sin. Suíonn na foirne os comhair a chéile, mar atá sa ghrianghraf thíos.



PRÓISEAS

- Is í an sprioc dheiridh atá ann an méid cártaí agus is féidir a bhailiú mar fhoireann.
- Tugtar tacar cártaí do gach grúpa. Tá ceist agus freagra ar gach cárta.
- Tosaíonn duine amháin (duine 1A) agus coinníonn an duine sin greim ar an tacar. Cuireann sé nó sí ceist ar an mball foirne atá suite os a c(h)omhair (duine 1B). Má thugann duine 1B an freagra ceart, féadfaidh foireann 1 an cárta a choinneáil agus léann duine 1A an chéad cheist eile. Má thugann duine 1B an freagra mícheart, cuireann duine 1A an cárta ag cúl an tacair agus cuireann sé nó sí an chéad cheist eile.
- Leanann an fhoireann seo ag imirt go dtí go dtugann an t-uaineadóir le fios go bhfuil a seal thart.
- Maireann seal amháin 30 soicind.
- Nuair a bhíonn an 30 soicind caite, tugann an t-imreoir an tacar cártaí don duine atá suite taobh leis ar chlé (duine 2A), ó fhoireann 2.
- Anois is seal an dara foireann atá ann, agus cuireann duine 2A ceisteanna ar dhuine 2B. Nuair a bhíonn 30 soicind eile caite, cuirtear an tacar cártaí ar aghaidh chuig duine 1B, agus ansin ar aghaidh chuig duine 2B, etc.
- Leantar ar aghaidh mar seo go dtí go n-aimsítear na freagraí ar fad agus go mbíonn na cártaí ar fad i seilbh ceann de na foirne.
- Coinníonn an fhoireann nach bhfuil ag imirt (ag léamh agus ag freagairt ceisteanna) súil ar an am.
- Bíonn an bua ag an bhfoireann a bhfuil an líon is mó cártaí bailithe aici (tríd an líon is mó freagraí cearta a thabhairt).

Faigheann gach duine sa ghrúpa go leor sealanna; in amanna mar an duine a léann na ceisteanna agus in amanna mar an duine a fhreagraíonn iad. Ar an mbealach seo, bíonn deis ag na himreoirí go léir na ceisteanna agus na freagraí a fheiceáil, agus an t-eolas a chur de ghlanmheabhair dá réir.

Achoimre ghairid ar na rialacha:

- Maireann gach seal 30 soicind. Laistigh den 30 soicind sin caithfidh foireann an méid ceisteanna agus is féidir a fhreagairt i gceart.
- Ní fhéadfaidh tú ach iarracht amháin a dhéanamh ceist a fhreagairt. Má tá an chéad freagra mícheart, cuireann an duine atá ag cur na ceiste an cárta ag cúl an charnáin agus leanann sé nó sí ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile. Dá réir sin, ní cheadaítear don duine atá ag freagairt na ceiste é/í féin a cheartú.
- Mura bhfuil an freagra ar eolas ag imreoir, deir sé/sí 'pas'. Ansin cuireann an duine atá ag cur na ceisteanna an cárta ag cúl an charnáin agus leanann sé nó sí ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile.
- Is faisnéis bhreise í an fhaisnéis atá le fáil laistigh de lúibíní ar na cártaí. Ní gá d'imreoirí tagairt don fhaisnéis sin chun ceist a fhreagairt i gceart. Uaireanta tá bealaí éagsúla ann chun freagra ceart a thabhairt, rud a chiallaíonn go mbeidh comhartha slaise (/) le feiceáil idir na féidearthachtaí. Is leor ceann amháin de na freagraí féideartha.

ROINNT LEIDEANNA

- Míneadh an cluiche trí thagairt a dhéanamh do shampla.

INNEACHAR

Tá 25 cheist ann faoi stair an Aontais Eorpaigh agus faoi fhíríicí bunúsacha faoin Aontas Eorpach. Tá dhá cheist ann i dtaobh 'cé hé nó cé hí an tUachtarán reatha ar'. Is fearr a sheiceáil cé hé nó cé hí atá ann faoi láthair. Tá teacht ar nasc sa tábla thíos. Baineann an dá cheist dheireanacha go sonrach le do thír féin. Tá teacht ar nasc chuig na freagraí freisin sa tábla thíos.

Caithfidh tú na cártaí a chur i gcló agus na freagraí a scríobh orthu tú féin.

15.	Ceist	Freagra
	Cé hé nó cé hí an tUachtarán reatha ar an gComhairle Eorpach (cruinniú mullaigh)? 2019-2024: (Charles) Michel. Clliceáil anseo chun a sheiceáil an bhfuil an freagra sin fós ceart: www.consilium.europa.eu/ga/european-council/president/role/
	16. Cé hé nó cé hí an tUachtarán reatha ar an gCoimisiún Eorpach? 2019-2024: (Ursula) von der Leyen. Clliceáil anseo chun a sheiceáil an bhfuil an freagra sin fós ceart: ec.europa.eu/commission/commissioners/2019-2024/president
	24. Ainmníonn gach Ballstát coimisinéir amháin chuig an gCoimisiún Eorpach. Cé hé nó cé hí an coimisinéir reatha atá ainmnithe ag do thírse? Clliceáil anseo chun liosta na gcoimisinéirí a fheiceáil: https://ec.europa.eu/commission/commissioners/2019-2024_ga
	25. Faigheann gach Ballstát líon áirithe suíochán i bParlaimint na hEorpa bunaithe ar mhéid a dhaonra. Cá mhéad Feisire (FPEanna) de Pharlaimint na hEorpa atá ag do thírse faoi láthair? Clliceáil anseo chun an líon suíochán atá ag gach Ballstát a fheiceáil: www.europarl.europa.eu/meps/

2. CUR I LÁTHAIR: AN tEOLAS A FUARTHAS A PHLÉ

SUÍOMH

Cuirtear na daltaí ina suí ionas gur féidir leo an cur i láthair a fheiceáil go héasca.

PRÓISEAS

Úsáideann tú an cur i láthair chun breis faisnéis chúlra a thabhairt faoi stair an Aontais Eorpaigh.

NAISC ÚSÁIDEACHA

- Tá teacht ar fhaisnéis chúlra úsáideach ar shuíomh gréasáin ginearálta AE anseo https://europa.eu/european-union/about-eu/history_ga
- Cliceáil anseo chun léamh faoi thairiscint oideachasúil Áras Stair na hEorpa: <https://historia-europa.ep.eu/ga/oiliunoiri-agus-muinteoiri>
- Sa chur i láthair “AE i sleamhnáin”, léirítear gnéithe éagsúla den Aontas Eorpach: https://europa.eu/european-union/documents-publications/slide-presentations_ga
- Ar <https://what-europe-does-for-me.eu>, tá a lán samplaí den bhealach a n-athraíonn AE ár saol laethúil.

